Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11821/25**
**ADD 1**

**DENLEG 36**
**FOOD 69**
**SAN 481**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 107737 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán (AE) .../... ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid eastóscáin quillaia (E 999) agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh eastóscán quillaia (E 999) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 107737 iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: D(2025) 107737 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2024/2043 ANNEX Rev2
(POOL/E2/2024/2043/2043-EN
ANNEX.docx) D107737/02
[…](2025) XXX draft

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**COMMISSION REGULATION (EU) .../...**

**amending Regulation (EC) No 1333/2008 of the European Parliament and of the Council as regards the use of quillaia extract (E 999) and Commission Regulation (EU) No 231/2012 as regards the specifications for quillaia extract (E 999)**

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Cuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(a) i gcatagóir 14.1.4 (Deochanna blaistithe),

cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le E 999 Eastóscán quillaia:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 999 | Eastóscán quillaia | 170 | (45) | |

(45): Arna shloinneadh mar shapaininí';

(b) i gcatagóir 14.2.3 (Ceann úll agus leann piorraí),

cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le E 999 Eastóscán quillaia:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 999 | Eastóscán quillaia | 170 | (45) | gan *cidre bouché, cydr jakościowy, perry jakościowe, cydr lodowy, perry lodowe* a áireamh |

(45): Arna shloinneadh mar shapaininí';

(c) i gcatagóir 17.1 (Forbhianna a sholáthraítear i bhfoirm sholadach, gan forbhianna do naíonán agus leanaí óga a áireamh),

cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh an dara hiontráil a bhaineann le E 969:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 999 | Eastóscán quillaia | 3350 | (45) | |

(45): Arna shloinneadh mar shapaininí';

(d) i gcatagóir 17.2 (Forbhianna a sholáthraítear i bhfoirm leachtach, gan forbhianna do naíonán agus leanaí óga a áireamh),

cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh an dara hiontráil a bhaineann le E 969:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 999 | Eastóscán quillaia | 3350 | (45) | |

(45): Arna shloinneadh mar shapaininí'.

## IARSCRÍBHINN II

I gCuid 4 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an mbreiseán bia 'E 901 Céir beach':

'

| | | | |
|---|---|---|---|
| E 999 | Eastóscán quillaia | Na blastáin uile a úsáidtear sna catagóirí seo a leanas: | |
| | | 05.2: Milseogra eile lena n-áirítear micrimhilseáin le haghaidh chumhrú na hanála | 4 mg/kg sa bhia deiridh (arna shloinneadh mar shapaininí) |
| | | 05.3: Guma coganta | 2 mg/kg sa bhia deiridh (arna shloinneadh mar shapaininí) |
| | | 12.5: Anraithí agus bratanna | 2 mg/l sa bhia deiridh (arna shloinneadh mar shapaininí) |
| | | 14.1.5: Caife, tae, insiltí luibheanna agus torthaí, siocaire; tae, insiltí luibheanna agus torthaí agus eastóscáin siocaire; ullmhóidí tae, plandaí, torthaí agus gránach le haghaidh insiltí, chomh maith le meascáin agus meascáin ar an toirt de na táirgí sin | 1,2 mg/l sa bhia deiridh (arna shloinneadh mar shapaininí) |
| | | 15.1: Sneaiceanna bunaithe ar phrátaí, gránach, plúr nó stáirse | 0,2 mg/kg sa bhia deiridh (arna shloinneadh mar shapaininí) |

'.

# IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le ‘E 999 Eastóscán quillaia’:

‘E 999 EASTÓSCÁN QUILLAIA

| | |
|---|---|
| Comhchiallaigh | Eastóscán coirte gallúnaí; Eastóscán coirte quillay; Eastóscán choirt Phanama; Eastóscán quillai; Eastóscán choirt Murillo; Eastóscán choirt na Síne |
| Sainmhíniú | Faightear eastóscán quillaia trí eastóscadh uiscí *Quillaia saponaria Molina*, nó speiceas *quillaia* eile, is é sin crainn den fhine *Rosaceae*. Tar éis an phróisis eastósctha, déantar gléghlanadh, scagachán, ultrascagachán, tiúchan agus paistéaradh. Tá roinnt sapaininí trítheirpéanóideacha ann arb é atá iontu gliocóisídí d’aigéad cuilleach, polaifeanóil, carbaihiodráití, go háirithe polaisiúicrídí agus siúcraí dí-ocsaídithe agus, go pointe beag, próitéiní. |
| Uimhir CAS | 68990-67-0 |
| Einecs | |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | |
| Measúnacht | Cion sapainine nach lú ná 20 % ar bhonn tirim |
| **Tuairisc** | Tá dath donn éadrom agus imir bhándearg ar eastóscán quillaia ina fhoirm phúdrach. Tá sé ar fáil freisin mar thuaslagán uiscí. |
| **Sainaithint** | |
| pH | Idir 3,7 agus 5,5 (tuaslagán 4 %) |
| **Íonacht** | |
| Cion uisce | Nach mó ná 6,0 % (modh Karl Fischer) (i bhfoirm phúdrach amháin) |
| Arsanaic | Nach mó ná 5 mg/kg de shapaininí |
| Luaidhe | Nach mó ná 3 mg/kg de shapaininí |
| Mearcair | Nach mó ná 0,5 mg/kg de shapaininí |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,5 mg/kg de shapaininí |
| Ocsaláit chailciam | Nach mó ná 6 g/kg de shapaininí |
| **Critéir** | |

| | |
|---|---|
| **mhicribhitheolaíocha** | |
| Comháireamh aeróbach iomlán | 100 coilíneacht in aghaidh an ghraim ar a mhéad |
| *Salmonella* spp. | Gan bheith ann in 25 g |
| *Staphylococcus aureus* | Gan bheith ann in 1 g |
| *Escherichia coli* | Gan bheith ann in 1 g |
| Giosta | 10 coilíneacht in aghaidh an ghraim ar a mhéad |
| Múscáin | 10 gcoilíneacht in aghaidh an ghraim ar a mhéad‘ |

’.